# Plean DEIS 2025-2028

Coláiste Cholmcille Indreabhán

## 4. Plean le Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí a fheabhsú

## Plean Achomair le COMHPHÁIRTÍOCHT LE TUISMITHEOIRÍ a fheabhsú

**Spriocanna:**

1. Déanfaidh ar a laghad tuismitheoir nó caomhnóir amháin de chuid 95% de na scoláirí sa scoil **freastal ar chruinniú tuismitheoirí-múinteoirí chuile bhliain**.
2. Cuirfear gach tuismitheoir ar an eolas in am cuí faoi scéimeanna tábhachtacha cosúil le ACCESS/HEAR/DARE.
3. Cuirfear eolas aistriú ar fáil do thuismitheoirí scoláirí atá chun aistriú ó rang 6 go dtí Bliain 1; ó Bhliain 3 go dtí Bliain 4 nó Bliain 5.
4. Cuirfear gach tuismitheoir ar an eolas maidir le ciorclán agus treoir a thagann ón Roinn Oideachais., seirbhísí sláinte nó/agaus aon eolas eile ábhartha.
5. Cuirfear Féilire na Bliana abhaile ag gach teaghlach agus beidh fáil ag tuismitheoirí ar fhéilire gníomhaíochtaí scoile le linn na bliana ar Tyro.
6. Freastlóidh ar a laghad 15% de thuismitheoirí ar chainteanna / ceardlann / cúrsaí a chuirfear ar fáil do na tuismitheoirí nó/agus pobal na scoile.
7. **Ardófar líon na dtuismitheoirí rannpháirteach i bhforbairt polasaithe na scoile agus pleanáil uile-scoile chuile bhliain go 25%.**
8. Forbrófar Coiste na dTuismitheoirí éifeachtach le hionadaithe as gach rang.

**Tá na spriocanna seo clóiteach le:**
Critéir Theangbhunaithe na Scéime: 1,2,3,4,5,6,7,8,9,10,11
Luachanna hÉiteas an BOOÉ seo a leanas: Barrfeabhas san oideachas, Comhionannas, Cúram, Meas, Pobal
Plean Straitéiseach/FMS:Sprioc 1 agus 3.

**Gníomhartha:**
Luaigh na bearta atá molta (idir chinn reatha agus chinn nua) le COMHPHÁIRTÍOCHT LE TUISMITHEOIRÍ a chur chun cinn. *Ba cheart go ndéanfaí na gníomhartha i ndiaidh a chéile agus go mbeidís comhordaithe thar thréimhse trí bliana an phlean leis an éifeacht is mó is féidir a bhaint amach*

| Beart | Díriú ar Sprioc (anna) uimh | Cé? | Príomhfhreagracht | Cathain? | Acmhainní? |
|---|---|---|---|---|---|
| **Beart 1**: Meallófar ar a laghad tuismitheoir / caomhnóir amháin as gach bliain le bheith ar choiste na dtuismitheoirí | | | | | |
| Cuirfear amach léiriú speise agus cur síos ar n ról sa choiste do gach tuismitheoir / caomhnór ag tús na bliana<br>Déanfar teagmhál le na hiarbhall / ball reatha agus iarrfar orthu tuismitheoirí eila ghríosadh agus a spreagadh le páirt a ghlacadh<br>Déanfaidh an PO agus TBSP teagbhál le tuismitheoirí aonarach ansin | 8 | PÓS, TBSP | PÓS | Meán Fómhair gach bliain | TYRO<br>Glaochanna |
| **Beart 2: Déanfar cumarsáid rialta le tuismitheoirí / caomhnóirí ar bhealaí éagsúla ata éifeachtach don teachtaireacht ata le tabhairt.** | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Déanfar cuairteanna baile agus glaochanna gutháin chun eolas a roinnt le tuismitheoirí maidir le:<br>• Cúrsaí scoile,<br>• Imeachtaí agus cúrsaí do thuismitheoirí,<br>• Pleanáil scoile,<br>• Feasacht a ardú faoi ghnóthachtáil acadúil, thinreamh, buntáistí na scolaíochta lán-Ghaeilge. | 1,2,3, 6,7 | TBSP | TBSP | Go laethúil, de ghnáth. | Bileoga eolais; costaisí taistil; costaisí clódóireachta. |
| Déanfaidh na cuntóirí riachtanais speisialta cumarsáid le tuimitheoirí<br>• Nuair a chasann siad leo ar maidn agus tráthnóna - am fágála agus bailiú an scoláire<br>• Tríd an dialann scoile / cumarsáide<br>• Tríd ionchur a bheith acu i bpleanáil tacaíochtaí don scoláire lena mbaineann | | | | | |
| • Déanfar cumarsáid le baile go rialta chun tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoi ghnóthaí na scoile<br>• Déanfar www.colaistecholmcille.ie a uasdátú go rialta le linn na scoilbhliana agus seachtain roimh thús na scoilbhliana. | 1,2,3, 6,7,8 | PÓS<br>NNS<br>MM<br>MÓD | PÓS<br><br><br><br>PÓS | Go leanúnach<br><br><br><br>C1 2022 | Córas téacstheachtaireachtar Tyro,<br><br><br><br>Bogearra…/Seirbhís comhlachta…..? |
| • Cuirfear eolas suas ar shuíomh Facebook/ Instagram na scoile | 1,2,3, 6,7,8 | *ENíG* | *ENÍG* | Gach coicís le linn na scoilbhliana | Rang amháin sa tseachtain le haghaidh Facebook; rang amháin sa tseachtain le haghaidh Twitter. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Leathanbhanda sa mbaile ag an múinteoir |
| • Eagrófar cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta. | 1,2,3, 6,7,8 | *Gach múinteoir* | *PÓS*<br>*NNS* | Uair sa bhliain don 1ú, 2ú, IB agus 5ú bl.<br>Dhá uair sa bhliain don 3ú agus 6ú bliain. | Seomraí ranga na scoile |
| Eagrófar "ceardlanna aistriú" do thuismitheoirí scoláirí atá ag aistriú:<br>• Ón mbunscoil go dtí Iarbhunscoil;<br>• Ó Bhliain 3 go dtí an Idirbhliain nó Bliain 5 | 3, 6,7,8 | MÓD<br>TBSP | PÓS | Deireadh mí Bealtaine gach bliain | Sóláistí<br>Stáisiúnóireacht |
| • Eagrófar deiseanna do thuismitheoirí le hionchur a bheith acu isteach i bpleanáil agus polasaithe scoile. | 4,5,7,8 | PÓS<br>NNS<br>TBSP<br>MUÍC<br>Múinteoirí<br>Ábhartha | PÓS | De réir mar a bhíonn an chéad dréacht de na polasaithe réitithe | Sóláistí<br><br>Coiste na dTuismitheoirí |
| • Eagróidh an TBSP oíche eolais/cúrsa/ceardlann/oíche si-amsaíochta/coiste pleanála scoile do thuismitheoirí | 4,5,7,8 | | TBSP | | |

**NB:** ***Féach freisin*** *pleananna Gaeilge -Scéim Aitheantais / Plean chun Litearthacht na Gaeilge a chur chun cinn/ Plean Tinrimh* ***& snátha pleanála eile DEIS.***

**Monatóireacht:**

Luaigh an bealach ina ndéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn agus luaigh na heatraimh (go míosúil/uair sa téarma/go bliantúil...) in imeacht na dtrí bliana

1. Coinneofar taifead de na tuismitheoirí a dhéanann freastal ar chruinniú tuismitheoirí-múinteoirí chuile bhliain.(Gach múinteoir / TBSP)

| **Cruinnithe Tuismitheoirí 2025-2026 – Freastal Tuismitheoirí** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | |
| **100%** | **85.71%** | **58.2%** | **64.7%** | **73.33%** | **53.33%** | **88%** | **76%** |

| Cruinnithe Tuismitheoirí 2024-2025 – Freastal Tuismitheoirí | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | |
| **80.95%** | **82.35%** | **80%** | **86.6%** | **58.3%** | **84.61%** | **66.6%** | **33.3%** |

2. Coinneofar taifead de na tuismitheoirí a bhíonn páirteach i ngníomhaíocht amháin atá eagraithe do thuismitheoirí na scoile (oíche eolais/cúrsa/ceardlann/oíche siamsaíochta/coiste pleanála scoile) chuile bhliain. (múinteoirí I bhfeighil na ngníomhaíochtaí/TBSP)
3. Coinneofar taifead ar na tuismitheoirí a bhíonn rannpháirteach i bhforbairt polasaithe na scoile agus pleanáil uile-scoile chuile bhliain.(PÓS/NNS)

| Rannpháirtíocht tuismitheoirí i bpolasaithe / pleanáil 2025-20256 | | |
|---|---|---|
| Athbhreithniu Cosaint Leanaí 27.63% | Dearcadh i leith Oideachas Speisialta & Cuimsitheach 18.42% | Tuairimí Dearfach & Réimsí le hathrú 46.05% |
| **Rannpháirtíocht tuismitheoirí i bpolasaithe / pleanáil 2024-2025** | | |
| Ceistneoir ROS 14.7% | Polasaí Bí Cinéalta 22.1% | Polasaí Fón Póca 42.2% |

4. Cuirfear gach tuismitheoir ar an eolas in am cuí ar scéimeanna tábhachtacha cosúil le ACCESS/HEAR/DARE.
5. Cuirfidh Coláiste Cholmcille seirbhís bhunúsach chomhairleach/atreoraithe ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo breis eolais a fháil ar chúrsaí oideachais dóibh féin, nó seirbhísí sláinte/tacaíochta.
6. Cuirfear cláir "aistriú" ar fáil do thuismitheoirí scoláirí atá chun aistriú ó rang 6 go dtí Bliain 1; ó Bhliain 3 go dtí Bliain 4 nó Bliain 5;

**Measóireacht:**

*Luaigh an bealach ina ndéanfar measóireacht ag ceann na dtrí bliana ar éifeacht na mbeart um CHOMHPHÁIRTÍOCHT LE TUISMITHEOIRÍ*
*Luaigh an bealach ina dtomhaisfear an dul chun cinn ag baint úsáide as an mbonnlíne agus as spriocanna mar threoir*

1. Beidh cruinniú bhliantúil le coiste Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí ina bpléifear gach cineál gnóthaí scoile.
2. Déanfar taifead de na tuismitheoirí a thagann ag cruinnithe tuismitheoirí agus cinneaoidh muid go ndéanfar cumarsáid leo sin nach dtagann agus cuirfidh muid ina luí an tábhacht a bhaineann leis na cruinnithe sin. Breathnófar ar tháinig ardú ar líon na rannpháirtíochta.
3. De réir mar a iarrtar ionchur na dtuismitheoirí i bpolasaithe / pleanál scoile déanfar taifead ar líon na rannpháirtíochta agus anailís ar na torthaí.
4. Cuirfear an fianaise cuí a bhaileofar do ACCESS/ HEAR/ DARE chun bealach roimh an spriocdata agus déanfar measóireacht blianitúil ar an bealach is éifeachtaí an t-eolas cuí a bhaiiú in am cuí. Tomhasfar an líon ama thógann sé chun dul ina mbun agus an am a thógann eolas a fháil ó thuismiteoirí.
5. Roinnfear aon eolas maidir le ciorclán agus teoir ón roinn tríd TYRP agus déanfar measóireacht ar ionchur na dtuismitheoirí
6. Iarrfar aiseolas maidir leis na cláracha aistriú

# Plean DEIS – Coinneáil  Coláiste Cholmcille, Indreabhán: 2025-2028